



1916

The 1916 Rising: Personalities and Perspectives

7.0 Príomhshuimh na Gníomhaíochta

7.10 Bácús Boland

Ghabh an tríú Cathlán faoi cheannas an Cheannfhoirt Eamon de Valera seilbh ar bhácús agus ar mhuithe plúir Boland, míle soir ó dheas ó Ard-Oifig an Phoist. Bhí an cathlán lonnaithe i suíomh fíorthábhachtach mar go bhféadfaí smacht a choinneáil ar an líne iarnróid agus ar an bpriomhbhóthar ó Bhaile an Rí (Dún Laoghaire) go láir na cathrach uaidh. Ba i gcuán Bhaile an Rí a thiocfadh fórsaí breise ón mBreatain i dtír. Mar gheall ar an míthuisceint a d'eascair i bpáirt as freasordú MacNeill, ní raibh ach 100 Óglach ar dualgas; bhí raidhfilí nua-aimseartha ag thart ar leath acu agus is gránghunnaí nó piostail a bhí ag go leor eile. Ba é an plean a bhí ann smacht a choinneáil ar limistéar mór a bhí ag síneadh thar an líne iarnróid ó Dhumhach Thrá go stáisiún traenach Rae an Iarthair. D'éirigh leo stáisiún iarnróid Rae an Iarthair a chur faoi smacht freisin.

Bhí an ceanncheathrú lonnaithe ag Bácús Boland ar Shráid na Canálach Móire Íochtarach. Bhí deis tugtha ag na hÓglaigh do na báicéirí saoire a ghlaicadh. Bunaíodh urphoist i suímh ag an mbealach isteach go Bearic Thor an Bhacaigh ar Bhóthar Haddington, mórrhimpeall ar Dhroichead Shráid an Mhóta (Droichead McKenny ar an léarscáil) ar an bpriomhbhóthar ó Bhaile an Rí go láir na cathrach, agus i stáisiún traenach Rae an Iarthair. Réab na hÓglaigh na rianta iarnróid a bhí ag dul chomh fada le Baile an Rí ionas nach n-éireodh le traenacha de thrúpaí dul róchóngarach dóibh. Seachas roinnt mionscirmisí agus an phríomhgníomhaíocht ag Droichead Shráid an Mhóta ar an gCéadaoin,

ní dhearnadh aon ionsaí díreach ar Bhácús Boland go dtí an Déardaoin. Rinne fórsaí na Breataine ionsaí sliogán ar an ionad ón árthach Helga ar an Life agus le gunna cabhlaigh a tugadh i dtír ón Helga agus a bhí lonnaithe ag Plás Percy gar don ionad. Choinnigh an Ceannfort de Valera srian ar an gcontúirt, áfach, trí bhratach a chur ar foluain ón drioglann in aice láimhe, áit ar díríodh an chuid ba mhó den ionsaí sliogáin uirthi dá bharr.


Ó tharla go raibh Lowe ag diriú ar Ard-Oifig an Phoist agus ar na Ceithre Cúirteannaanois, ní dhearnadh aon ionsaí láidir eile ar an gceantar timpeall Bhácús Boland. Sheas an garastún an fód go dtí an Domhnach nuair a scaip an tAltra O'Farrell an scéala maidir leis an ngéilleadh. Gearradh pionós an bháis ar an gCeannfort de Valera, ach laghdaíodh an phianbhreith go dtí pianseirbhís saoil.

7.10 Bácús Boland




Eamon de Valera (1882-1975). Born in New York of a Spanish father and an Irish mother, he was reared at Bruree, Co. Limerick. He taught mathematics at various colleges in Dublin; he was active in the Gaelic League, becoming a fluent Irish speaker. A founder member of the Irish Volunteers, he was sworn into the IRB by Thomas MacDonagh. (Keogh 25).

7.10 Bácús Boland




Note sent by de Valera on Sunday 30 April to one of his company captains relating to the surrender. (Ms. Acc. 5770).

7.10 Bácús Boland



Instructions by Commandant de Valera relating to the care of the van horses at Boland's Bakery. (Ms. Acc. 5770).

7.10 Bácús Boland



A commemorative postcard for Lieutenant Seán Costello. (Album 113)